

### **Padaí de Bléine**

Is Léachtóir Sinsearach i dTeanga agus i Litríocht na Gaeilge mé ar Choláiste Ollscoile Naomh Muire, Béal Feirste.

Bainim an-sult go deo as filíocht na Nua-Ghaeilge a léamh leis na mic léinn.

Tá an-suim agam i litríocht do pháistí agus tá aistriúcháin déanta agam ar *The Diary of a Young Girl*,

I am David, *The Boy in the Striped Pyjamas* agus se úrscéal le Michael Morpurgo, *War Horse* agus *Kaspar Prince of Cats* san áireamh.

I am a Senior Lecturer in Irish Language and Literature in St. Mary's University College, Belfast.

As part of my post, I enjoy reading modern Irish Language poetry with the students.

I am also very interested in children's literature and I have translated into Irish; Anne Frank, *The Diary of a Young Girl*,

I am David, *The Boy in the Striped Pyjamas* and six novels by Michael Morpurgo including *War Horse* and *Kaspar Prince of Cats*.

Is as Port Láirge do **Shane Grant**. Is bunmhúinteoir é. Tá sé mar iarrthóir PhD le Roinn na Gaeilge, Coláiste Mhuire Gan Smál, Luimneach. Bhronn Scoil Thaighde Choláiste Mhuire Gan Smál spárantacht taighde air sa bhliain 2017. Díríonn a chuid taighde agus ar chothú fhilí chomhaimseartha Gaeilge i gceantair Ghaeltachta Corca Dhuibhne agus Uíbh Ráthaigh faoi stiúir an Dr. Róisín Ní Ghairbhí. Tá spéis ar leith ag Shane i bhfilíocht chomhaimseartha na Gaeilge. Níl aon chnuasach filíochta foilsithe go fóill aige.

**Shane Grant** is from Waterford. He is a qualified Primary School teacher. He is a PhD candidate with the Department of Irish at Mary Immaculate College, Limerick. He was awarded a research scholarship from the Research and Graduate School in Mary Immaculate College in 2017. His research focuses on the fostering of a group of contemporary Irish poets in the two Gaeltacht regions of County Kerry; Corca Dhuibhne (West Kerry Peninsula) and Uíbh Ráthach (Iveragh Peninsula), under the supervision of Dr. Róisín Ní Ghairbhí. Shane has a particular interest in contemporary Irish language poetry. He is yet to publish a poetry collection.

Charmanach is ea **Máire Ní Bhriain** a scríobhann as Béarla agus as Gaeilge araon. Oilte mar bhunmhúinteoir, bhain sí amach céim Mháistreachta i 2007 leis an tráchtas *Scríobh na Filíochta mar Chleachtas Machnaimh*. Thar na blianta tá deontais agus sparánachtaí faighte aici ón Roinn Ealaíon de Chomhairle Chontae Loch Garman, agus tá cúig chnuasach filíochta Béarla foilsithe aici. Tá a cuid saothair foilsithe i mórán foilseachán, *Feasta, An tUltach, An Linn Bhuí* ina measc. Bhuaigh sí Duais Fhoras na Gaeilge 2017 ag Seachtain na Scríbhneoirí i Lios Tuathail. Bronnadh *Sparánacht Artlinks Loch Garman 2017* uirthi chun cnuasach de dhánta Gaeilge a chur le chéile. Foilseofar *Ré na nÚll – Mingle-Mangle agus Gallamaulfrey* go luath le Coiscéim.

**Máire Ní Bhriain** is from Wexford and writes in both English and Irish. Trained as a Primary Teacher, her M.A. thesis explored the writing of poetry as a meditative practice. Over the years she has been a recipient of grants and bursaries from the Arts Department of Wexford Co. Council and has published five collections of poetry in English, [maryobrienpoetry.com](http://maryobrienpoetry.com). Her work has appeared in journals including *Feasta, An tUltach, An Linn Bhuí*. She was the winner of Duais Fhoras na Gaeilge 2017 at Writers' Week in Listowel. She was awarded an *Artlinks Wexford* bursary in 2017 to work on an Irish poetry collection. *Ré na nÚll – Mingle-*

*Mangle agus Gallamaulfrey* is forthcoming from Coiscéim.

**Áine Ní Ghlinn** is a poet, children's writer, workshop facilitator and part-time lecturer. She has written 31 books to date and has won a range of awards for both poetry and fiction. These include Listowel Writers' Week, & Oireachtas awards, Stokestown Festival, Gradam Reics Carló Irish Language Book of the Year & CBI fiction award. Her most recent books are *Fadó Riamh – Ag an Tús* (2018) - a collection of creation mythology from around the world - and a children's novel *Boscadán* (2019)

File, léirmheastóir, scríbhneoir do pháistí agus léachtóir páirtaimseartha í **Áine Ní Ghlinn**. Tá 31 leabhar foilsithe aici agus go leor duaiseanna buaite aici. Ina measc seo tá Duais Fhoras na Gaeilge ag Seachtain na Scríbhneoirí, Lios Tuathail, duais na Gaeilge ag Féile Bhéal na mBuillí, Gradam Idirnáistiúnta *Ibby*, Gradam Reics Carló Leabhar na Bliana faoi dhó.

Tá trí leabhar filíochta Gaeilge foilsithe ag **Simon Ó Faoláin**. I measc na ngradam atá buaite aige tá Duais Glen Dimplex, Duais Strong, Duais Bhaitéar Uí Mhaicín, Duais Cholm Cille agus Duais Foras na Gaeilge. An leabhar is déanaí ná *An Corrmhiol*, aistriúchán Gaeilge ar an dán fada Gàidhlig *A' Mheanbhchuileag* le Fearghas MacFionnlaigh.

**Simon Ó Faoláin** has published three books of poetry in Irish. Amongst the awards he has won are the Glen Dimplex Prize, The Strong Prize, the Walter Macken Prize, the Colm Cille Prize and the Foras na Gaeilge Prize. His latest book is *An Corrmhiol* ['the midge'], an Irish translation of the Scot's Gaelic long poem '*A' Mheanbhchuileag*' by Fearghas Mac Fionnlaigh.

**Mícheál Ó Ruairc** was born in Brandon, Co Kerry but has lived in Dublin since 1980. He has published four books of poetry in Irish and one in English. Has won numerous awards for his poetry. His bilingual collection, *Dambatheanga: Damlanguage* (Arlen House 2014) won first prize in the Oireachtas Literary Competitions 2014. Was the winner of Duais de hÍde at Strokestown Poetry Festival in 2018. Arlen House will publish a new collection of poetry, *Treaspásóir: Trespasser*, later in 2019.

**Róisín Sheehy's** debut play, *Snámh na Saoirse*, was awarded a Stewart Parker Trust/ BBC Northern Ireland Irish Language Drama Award in 2018. Her poetry and prose has been published in *Poetry Ireland Review*, *Mórbhileog Chill Chainnigh*, *An tUltach*, *Cómhar*, *Feasta*, *Southword*, *Tuairisc*, *Word Weavers; First Anthology* and broadcast on *Sunday Miscellany*, RTÉ Radio 1. Róisín is invigorated by dance and movement often weaves into her poetry. She lives near Ballyscanlan Lake, Waterford.

Bronnadh Gradam BBC-Stewart Parker 2018 ar 'Snámh na Saoirse' an céad dráma ó pheann **Róisín Sheehy**. Tá ábhair próis agus filíochta léi foilsithe in *Éigse Éireann*, *Comhar*, *Feasta*, *Southword*, *Tuairisc*, *Mórbhileog Chill Chainnigh*, *Word Weavers: A First Anthology* agus craolta ar *Sunday Miscellany*, RTÉ Raidió 1. Go minic spreagann an rince a smaointe fileata. Tá conaí uirthi in aice Loch Bhaile Uí Scanláin, Co Phort Láir

As Gaoth Dobhair i dTír Chonaill do **Mháire Dinny Wren**. Tá filíocht agus scéalta léi foilsithe in irisí ar nós *Comhar*, *An tUltach*, *An Gael*, *Irish Pages*, *Feasta* agus *Poblachd nam Bàrd*. D'fhoilsigh Coiscéim a céad chnuasacht filíochta, *Ó Bhile go Bile*, in 2011. D'fhoilsigh Éabhlóid a céad chnuasacht gearrscéalta, *Go mbeinnse choíche saor* in 2016. Tá Máire ag obair ar a dara chnuasacht filíochta faoi láthair.

**Máire Dinny Wren** lives in Gaoth Dobhair, County Donegal. She writes poetry and fiction. Her first collection of poetry, *Ó Bhile go Bile*, was published by Coiscéim in 2011. Four of her short stories were published in the collection, *Go dtí an lá bán* by Éabhlóid in 2012. Her collection of short stories, *Go mbeinnse choíche saor* was published by Éabhlóid in 2016. She is working on her second collection of poetry.